



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS, 1815 – 1993

Scrúdú Scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

Treoracha d'iarthóirí:

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

• **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip sa Nua-Aois Dhéanach: Topaic 5)

Freagair gach cuid den roinn seo.

• **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Topaic 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair dhá thopaic as an roinn seo.

• **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1, 2, 3, 4, 6.

Freagair topaic amháin as an roinn seo.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 5
Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990*


Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
Astarraingt na Breataine ón India, 1945-1947

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1. (a) I ndoiciméad A, cad atá á dhéanamh ag Gandhi?
(b) I ndoiciméad A, conas atá Gandhi gléasta?
(c) Dar le doiciméad B, cad a dúirt Gandhi leis an údar, má dúirt sé aon rud?
(d) Ó dhoiciméad B, cén aidhm a bhí ag Gandhi?
(e) Dar le doiciméad B, conas a fhaigheann an t-údar tuiscint ar a cuid eachtraí? (40)
2. (a) An bhfuil doiciméid A agus B ar aon fhocal maidir le dealramh Gandhi?
Mínigh do fhreagra.
(b) Faoi mar atá léirithe sna doiciméid, A agus B, an bhfuil stíl mhaireachtála shómhar ag Gandhi? Mínigh do fhreagra. (20)
3. (a) An dtacaíonn an té a scríobh doiciméad B le Gandhi mar cheannaire?
Mínigh do fhreagra.
(b) Cé acu doiciméad, A nó B dar leat, is úsáidí don staraí? Mínigh do fhreagra. (20)
4. Cad iad na fáthanna a ndearna an Bhreatain an India a chríochdheighilt i 1947? (20)

- Doiciméad A -

Grianghraf le Margaret Bourke-White ina léann Mohandas Gandhi le hais a thuirne ag a theach cónaithe, 1947.



- Doiciméad B -

I sliocht leasaithe as a dírbheathaisnéis, *Portrait of Myself*, tráchtann Margaret Bourke-White ar a cuimhní faoi bhualadh le Gandhi agus an grianghraf (thuas) a thógáil.

Bhí an Mahatma (Gandhi) ina shuí ansin, a chosa trasna ar a chéile. Bhí cosúlacht damháin alla air, lena chosa fada tanaí agus a chuid spáaclaí. An bhféadfadh sé gurb é seo an fear a bhí ag treorú a mhuintire i dtreo na saoirse – an seánfhear beag sa bhrísteán a d'adhain (a las) samhlaíocht an domhain mhóir?

Shuigh sé ar an urlár, gan focal as. Ní raibh fuaim le cloisteáil ach siosarnach íseal ón gcarnán de ghearrthóga nuachtáin a bhí á léamh aige.

Mar ghrianghrafadóirí, gluaisimid go tapa trí eachtraí, ag sciobadh na bpriomhimeachtaí linn–agus sin mar is gá dó a bheith. Is beag deis a bhíonn ann, go minic, dul isteach níos doimhne sa scéal. Is trí leabhar a scríobh a fhaighim féin tuiscint ar mo chuid eachtraí.

Foinse: tógadh an dá dhoiciméad as: Margaret Bourke-White, *Portrait of Myself*, Nua-Eabhrac: Simon & Schuster, 1963.

ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.

Éire: Topaic I Éire agus an tAontas, 1815-1870

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sliocht leasaithe is ea é seo as tuairisc san *Freeman's Journal* ar oscailt Shionad Dhurlais, 1850. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí gach traein a shroich Durlas, ceann i ndiaidh an chinn eile, lán go béal le cuairteoirí, idir chléir agus thuata. Bhí na hóstáin sa bhaile plódaithe ón lá roimhe sin agus bhí an-éileamh ar lóistín sealadach.

Bhí fiú tithe priobháideacha mhuintir an bhaile ag teastáil chun lóistín a chur ar fáil do na sluaite nach raibh in ann spás a fháil sna hóstáin. Bhí na siopáí agus na trádstórais dúnta.

1. Cén sórt cuairteoirí a tháinig go Durlas ar an traein?
2. Cén fáth a raibh éileamh mór ar lóistín sealadach?
3. Cá ndeachaigh siad siúd nach raibh in ann seomráí a fháil sna hóstáin ag lorg lóistín?
4. Ar lean cúrsaí gnó ar aghaidh mar ba ghnách i nDurlas? Cuir fáth le do fhreagra.
5. Cén fáth ar thionól an Cairdinéal Paul Cullen Sionad Dhurlais, 1850?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. William Carleton.
2. An Mháthair Mary Aikenhead.
3. Leasuithe an rialtais Liobrálaigh.
4. Forbairt thionsclaíoch i mBéal Feirste.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuir Dónall Ó Conaill roimhe Aisghairm Acht an Aontais a bhaint amach agus cén fáth ar theip air?
2. Conas a d'fhreagair Charles Trevelyan agus/nó Asenath Nicholsan don Ghorta Mór?
3. Cad a chuir William Dargan le geilleagar agus sochaí in Éirinn?
4. Cad a chuir Tomás Dáibhéis agus/nó Charles Kickham le gnóthaí na hÉireann?

Éire: Topaic 2
Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo déanann an t-iriseoir Frank Harris léiriú ar an radharc i dTeach na dTeachtaí i Londain, 8 Aibreán, 1886, nuair a tugadh isteach an Chéad Bhille Rialtas Dúchais. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí an teach chomh plódaithe sin go raibh comhaltaí ina suí ar na céimeanna agus fiú ar uillinneacha na mbinsi agus ar ghlúine a chéile. Ba chosúil go raibh gach taidhleoir i Londain i láthair.

Bhí easpaig, in éadaí dubha, ina suí le hais dosaenacha de phrionsáí Indiacha, a bhí ag lonradh le diamaint, agus a chuir blas saibhir Oirthearach ar an radharc.

1. Cén Bille a tugadh isteach i dTeach na dTeachtaí ar an 8 Aibreán, 1886?
2. Conas a léiríonn an scríbhneoir go raibh an Teach plódaithe?
3. Cén dath a bhí ar éadaí na n-easpag?
4. An raibh mórán prionsáí Indiacha i láthair? Cuir fáth le do fhreagra.
5. Cén fhianaise atá sa sliocht go bhféadfadh sé go raibh suim ag tíortha eile sna himeachtaí?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Isabella Tod.
2. Gluaiseacht na gComharchumann.
3. Longcheártaí Bhéal Feirste.
4. W.B. Yeats.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a chuir Micheál Mac Daibhéid le corraíl faoi chúrsaí talún agus le leasú chóras na talún?
2. Cad iad na fadhbanna ar tháinig CLG trasna orthu idir 1884 agus 1891?
3. Conas a lorg Séamas Ó Conghaile agus/nó James Larkin leasuithe d'oibrithé?
4. Cén ról a d'imir Edward Carson i gcosaint an aontachais in Éirinn?

Éire: Topaic 3
Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa ghrianghraf seo tá Aifreann á cheiliúradh ar Dhroichead Uí Chonaill, Baile Átha Cliath, le linn Chomhdháil Chorp Chríost, 1932. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiadh.



1. Cathain atá an t-imeacht ar siúl agus cá bhfuil sé ar siúl?
2. Cén searmanas reiligiúnach atá ar siúl?
3. Cén fhianaise atá sa ghrianghraf gur eagraíodh an t-imeacht go cúramach?
4. Conas atá an láthair maisithe?
5. Conas a bhí Comhdháil Chorp Chríost, 1932, rathúil don rialtas agus/nó don Eaglais Chaitliceach?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An tábhacht a bhain le toghchán 1918.
2. An Chuntaois Markievicz.
3. Evie Hone.
4. An Páirtí Aontachtaigh i gcumhacht i dTuaisceart Éireann.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a pléadh ag na comhráití faoin gConradh i Londain (Deireadh Fómhair-Nollaig, 1921) agus conas a chuaigh na comhráití seo i bhfeidhm ar Éirinn?
2. Cad a bhain Liam T. Mac Cosgair amach mar cheannaire rialtais, 1923-1932?
3. Conas a sheol Éamon de Valera caidreamh Angla-Éireannach idir 1932 and 1945?
4. Conas a chuaigh an Dara Cogadh Domhanda i bhfeidhm ar Bhéal Feirste?

Éire: Topaic 4
Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Cuireann an sliocht leasaithe seo síos ar an gcaoi ar tharla sé gurbh í Annie Moore, cailín Éireannach, an chéad bhean ar domhan a chuaigh isteach go Meiriceá trí Ellis Island in 1892. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Nuair a osclaíodh Ellis Island go hoifigiúil ar an 1 Eanáir, 1892, ba í Annie Moore, bean óg Éireannach, an chéad phaisinéir a cláraíodh ag dul tríd an stáisiún inéisimíre a bhfuil cáil dhomhanda air. Bhí sí ag taistéal lena beirt deartháireacha óga. D'fhág Annie Queenstown (an Cóbh anois), Co Chorcaí, ar an 20 Nollaig 1891. Bhí sí ar bord an SS Nevada, duine de 148 paisinéir stírise.

Shroich an long Nua-Eabhrac tráthnóna Déardaoin an 31 Nollaig. Rinneadh iad a phróiseáil trí Ellis Island an mhaidin ina dhiaidh sin, Lá Caille, breithlá Annie agus na 15 bliana slánaithe aici. Bhí ionadh uirthi nuair a chuir slua d'oifigigh cathrach, stát agus feidearálacha fáilte roimpi. Bhronn siad teastas uirthi agus bonn óir de luach deich dollar mar aitheantas gurbh í an chéad inimirceach í a chuaigh isteach go Meiriceá trí Ellis Island.

Foinse: www.ellisisland.org/Einfo/Press_anniemoore.asp-unitedstates

1. Cathain a osclaíodh Ellis Island go hoifigiúil?
2. Cá mhéad paisinéir a thaistil mar phaisinéirí stírise?
3. Cathain a shroich an long Nua-Eabhrac?
4. Cén fáth a raibh iontas ar Annie nuair a chuaigh sí i dtír ar Ellis Island?
5. Seachas na Stáit Aontaithe, cén tir neamh-Eorpach a ndeachaigh mórán Éireannach ar imirce chuici?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An tOrd Oráisteach i gCeanada.
2. Domhnall Mac Amhlaigh.
3. John F. Kennedy.
4. Cruthú íomháonna Éireannacha trí scannán agus trí cheol.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na dálaí a bhí roimh Éireannaigh sa Bhreatain agus/nó i Meiriceá sa naoú haois déag?
2. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag de Valera i Meiriceá (Meitheamh, 1919 – Nollaig, 1920) agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis iad a bhaint amach?
3. Cén fáth a ndeachaigh na hÉireannaigh ar imirce, agus cá ndeachaigh siad, sa tréimhse 1920-1966?
4. Conas a rinne duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas ionadaíocht ar son na hEaglaise Caitlicí: an tArdeaspag Mannix; an tEaspag Edward Galvin; an Mháthair Mary Martin?

Éire: Topaic 5
An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo machnaíonn Paddy Devlin ar imeachtaí a bhain le Tuaisceart Éireann i mí Mheán Fómhair, 1971. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiadh.

Bhain an t-ardú ar an bhforéigean i 1971 preab as rialtais na Breataine agus na hÉireann. Thosaigh siad ag plé na todhcháí ag comhhdháil dhá lá ag Chequers ar an 6-7 Meán Fómhair. D'fhreastail Príomh-Aire na Breataine, Edward Heath, agus Taoiseach na hÉireann, Jack Lynch, ar an gcomhdháil.

Ní cheapaim go bhfuair Jack Lynch riamh an chreidiúint as ucht gur éirigh leis a chur ina lú ar Edward Heath a pholasai i leith Thuaisceart Éireann a athrú go mór. Go dtí sin, níor éist Heath ach le Brian Faulkner, a dúirt leis go réiteodh imtheorannú fadhb an IRA, go stopfadhb sé an foréigean agus go gcuirfeadh sé gach rud ina cheart arís.

Tar éis Chequers, thug Heath dúshlán Faulkner agus dúirt sé leis go raibh gá le réiteach polaitiúil, ní le lámh láidir mhileata.

Foinse: Paddy Devlin, *Straight Left: an Autobiography*,

1. Cé hiad na ceannairí a d'fhreastail ar an gcomhdháil ag Chequers?
2. De réir an údair, cén chreidiúint ba chóir a thabhairt do Jack Lynch?
3. Cén réiteach a bhí ag Faulkner ar an bhforéigean i dTuaisceart Éireann?
4. Tar éis Chequers, cad a dúirt Heath le Faulkner maidir leis an bhforéigean i dTuaisceart Éireann?
5. Cén fáth ar chuir Heath Stormont ar fionraí agus ar thug sé isteach riail dhíreach i 1972?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Stát Leasa i dTuaisceart Éireann.
2. Bernadette Devlin.
3. Sceimhlitheoiríreacht na bPoblachtach agus na nDílseoirí.
4. Freagairtí cultúir do na “Trioblóidí”.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar roghnaíodh Cúil Raithin in áit Dhoire mar láthair d'Ollscoil nua i dTuaisceart Éireann?
2. Cén ról a d'imír Terence O'Neill i bpolaitíocht Thuaisceart Éireann?
3. Conas a bhí Printísigh Dhoire mar chúis leis an oiread sin conspóide i dTuaisceart Éireann?
4. Cén socrú a rinneadh ag Sunningdale agus cén fáth ar theip ar an bhfeidhmeannas comhroinnta cumhactha, 1973-1974?

An ríaltas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo óna chuimhní cinn *Hurler on the Ditch* (2005), déanann Michael Mills, mar chomhfhreagraí polaitiúil an *Irish Press*, cur síos ar scéal úr a bhí ag teacht isteach i mí na Bealtaine, 1970. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ba é an chéad scéal nuachta a chuala muintir na tire nuair a dhúisigh siad ar an 6 Bealtaine, 1970, go raibh Jack Lynch tar beirt de na hairí ba shinsearaí a bhí aige, Charles J Haughey agus Neil Blaney, a bhriseadh as oifig.

Dhúisigh fo-eagarthóir ar fhoireann an Irish Press as mo chodladh mé ag 2 a.m. Bhí treoir tugtha ag an eagarthóir dó a dhul chuig mo theachsa i dtacsáí agus a chinniú go dtiocfainn isteach chuig an oifig chun scéal a ullmhú faoin bhfógra drámata.

Mar thoradh air seo bhí scéal in Irish Press na maidine sin, a chuir níos mó ceisteanna ná a d'fhreagair sé. Mar sin féin, ag a haon déag a chlog an mhaidin sin cheap mé go raibh mo dhóthain eolais agam chun a rá go poiblí, ar chlár cursaí reatha de chuid RTÉ, go raibh baint ag briseadh na n-airí le hiarracht a rinneadh gunnai do Thuaisceart Éireann a thabhairt isteach trí Aerfort Bhaile Átha Cliath.

1. Ar an 6 Bealtaine, 1970, cén nuacht a chuala muintir na hÉireann?
2. Cad iad na treoracha a thug an fo-eagarthóir do Mills?
3. Cathain a bhí dóthain eolais ag Mills chun ráiteas poiblí a dhéanamh ar RTÉ?
4. De réir Mills, cad leis a raibh briseadh na beirte airí bainteach?
5. Cén fáth nár éirigh le ríaltas Jack Lynch an tOlltoghchán, 1973, a bhuachan?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An pháirt a ghlac Éire sna Náisiúin Aontaithe.
2. Tionchar RTÉ, 1962-1972.
3. Sylvia Meehan.
4. An tArdeaspag John Charles McQuaid.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuir T. K. Whitaker le forbairt eacnamaíochta in Éirinn?
2. Cé acu maitheas nó dochar a rinne ballraíocht i gComphphobal Eacnamaíochta na hEorpa d'iascaireacht na hÉireann? Mínigh do fhreagra.
3. Conas a d'éirigh le Charles Haughey ina réimeas mar Thaoiseach agus conas a theip air?
4. Conas a bhí tionchar ag Garret FitzGerald ar ghnóthaí na hÉireann?

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann de na topaicí thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1
An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Déanann an sliocht leasaithe seo as dialann (1848) an Chunta von Eckstadt cur síos ar ghníomhaíocht réabhlóideach i Vín i mí an Mhárta, 1848. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

- *Tagann cuma bhagrach ar na sráideanna. Timpeallaíonn grípaí dá lucht leanúna óráidithe a bhfuil tóir orthu.*
- *Tá ceithre chathlán ina seasamh ag geataí an pháláis. Tugtar gunnai móra chuig an láthair agus déantar iad a lódáil. Tá an tseansailéireacht timpeallaithe ag saighdiúiri.*
- *Tá an gháir ‘Mo dhiomú do Metternich!’ le cloisteáil ó gach taobh agus déantar focal faire de.*
- *Ionsaithe le beaigniti. Roinnt daoine marbh. Éiríonn an Prionsa Metternich as oifig.*

1. Cé atá ag scríobh, cá háit agus cathain?
2. Cén ‘chuma bhagrach’ a tháinig ar na sráideanna?
3. Cad a rinneadh chun an Pálás a chosaint?
4. Cad ba chúis leis na básanna, de réir gach dealraimh?
5. Cén post a bhí ag Metternich, agus conas a chuaigh imeachtaí 1848 i bhfeidhm air?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Karl Marx.
2. Náisiúnachas na mBalcán: an Ghréig agus an tSeirbia.
3. Seirfechas sa Rúis.
4. Otto von Bismarck.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar bhunaigh Robert Owen modh-shráidbhaile New Lanark agus cé chomh maith agus a d'éisigh leis?
2. Conas a chuir Haussmann feabhas ar chathair Pháras?
3. Cén ról a d'imir Napoleon III i ngnótháí na Fraince?
4. Cad a chuir Giuseppe Mazzini le gluaiseachtaí i dtreo aontas na hIodáile?

An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 2
Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo déanann saighdiúir Gearmánach cur síos ar an gcéad lá de Chath an Somme ar an 1 Iúil 1916. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ag 7.30 a.m., stad an ruathar mó: sliogán. Ar an bpointe, dhreap ár gcuid fear suas na sloic ghéara a bhí idir na tochaltáin agus solas an lae agus rith siad chuig na poill sliogán ba ghaire dóibh. Tarraingíodh na meaisínghunnaí amach as na tochaltáin go deifreach agus cuireadh i bhfearas iad. Ansin chonacthas sraith de línte ag gluaiseacht ó na trinsí Briotanacha. Lean an dara líne go dlúth sna sála orthu agus ansin an triú agus an ceathrú líne.

Nuair a bhí an chéad líne de shaighdiúirí Briotanacha i bhfoisceacht cúpla céad slat díuinn, thosaigh na meaisínghunnaí agus na raidhfilí ag clagairt feadh na líne ionláine de na poill sliogán seo againne. Thosaigh ionsaí na mBriotanach ag titim as a chéile go tapa faoi dhianlámhach sliogán agus piléar na nGearmánach.

Foinse: Tógha as A.H. Farrar-Hockley, *The Somme*, Surrey: Pan/Severn House, 1976.

1. Ar maidin an 1 Iúil, cathain a stop na Briotanaigh ag scaoileadh sliogán le trinsí na nGearmánach?
2. Nuair a stop an ruathar sliogán, cad a rinne na Gearmánaigh?
3. Cad a rinne na Gearmánaigh lena gcuid meaisínghunnaí?
4. Cathain a thosaigh na Gearmánaigh ag úsáid a gcuid meaisínghunnaí?
5. Seachas an Somme, ainmnigh cath mó: amháin ar an Fronta Thiar, 1914-1918.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Frith-Ghiúdachas sa Fhrainc.
2. An Papa Leo XIII.
3. Marie Curie.
4. Aireagán agus stair luath an ghluaisteáin.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le polasaí eachtrach Bismarck?
2. Cén polasaí cabhlaigh a bhí ag Wilhelm II, agus conas a chuaigh sé i bhfeidhm ar thír amháin nó ar thíortha eile?
3. Cad a d'fhoghlaím tú faoin gCéad Chogadh Domhanda ón staidéar a rinne tú ar Douglas Haig agus/nó ar Wilfred Owen?
4. Cad iad na bealaí ina raibh tionchar ag Woodrow Wilson ar an socrú síochána i ndiaidh an chéad Chogaidh Dhomhanda?

An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 3
Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Tráchtann an cartún seo ón *London Evening Standard* (2/9/1939) ar an Socrú Neamhionsaithe idir an Ghearmáin faoi na Naitsithe agus an Rúis faoi Stalin a síniódh i Moscó deich lá roimhe sin. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



1. Cén t-imeacht atá léirithe?
2. Cén áit ar tharla an t-imeacht seo agus cathain?
3. Cé hí an 'bhrídeach' agus cé hé an 'fear nuaphósta'?
4. Cén tsiombail den Ghearmáin faoi na Naitsithe agus den Rúis faoi Stalin atá ar an gcáca bainise?
5. Cén gníomh a rinne Hitler i mí an Mheithimh, 1941, a chuir deireadh leis an gcaidreamh atá léirithe sa chartún?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Charlie Chaplin.
2. Caidreamh idir an eaglais agus an stát faoi Mussolini.
3. An Tríú Poblacht sa Fhrainc, 1920-1940.
4. Frith-Ghiúdachas agus an tUileloscadh.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na hathruithe a chuir Stalin i bhfeidhm sa Rúis Shóivéadach?
2. Cén fáth ar tharla máirseáil Jarrow (Deireadh Fómhair, 1936) agus cad a bhain sí amach?
3. Cén tábhacht a bhain le Slógaí Nuremberg don Ghearmáin faoi na Naitsithe?
4. Cad a chuir Winston Churchill le bua na Breataine sa Dara Cogadh Domhanda?

*An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 4
Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo déanann Alexander Solzhenitsyn cur síos ar an saol i gcampa oibre Sóivéadach. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ní raibh aon ghean ag na gardaí ar an leifteantan Volkovoi, an ceannaire slándála, ach an oiread leis na príosúnaigh. Bhí fuitíos ar gach aon duine roimhe. Ba mhac tire é agus an chosúlacht sin air. Bhí sé ard, dorcha agus gruaim air. Ar dtús, i 1949, bhíodh sé de nós aige fuip de leathar trilseach a iompar, a bhí chomh tiubh lena rí. Dúradh gur bhain sé úsáid aisti chun príosúnaigh a sciúrsáil ina gcillíní.

Anois, ar chúis éigin, ní raibh an fhuip á hiompar ag Volkovoi a thuilleadh.

Bhí trí mhile sé chéad agus caoga trí lá cosúil leis sin i dtéarma príosúnachta deich mbliana. Bhí na trí lá breise le cur isteach mar gheall ar bhlianta bisigh.

Foinse: Alexander Solzhenitsyn, *One Day in the Life of Ivan Denisovich*, Middlesex: Penguin Books, 1963.

1. Cé hiad na daoine nach raibh gean acu ar Volkovoi, an ceannaire slándála?
2. Conas a dhéanann an t-údar cur síos ar an gcuma a bhí ar Volkovoi?
3. Cén chúis a bhíodh ag Volkovoi le fuip leathair a iompar?
4. Cén fáth ar chuir príosúnaigh trí lá breise isteach i dtéarma príosúnachta deich mbliana?
5. Cén fáth a raibh aithne ar Solzhenitsyn mar scríbhneoir easaontach sa Rúis Shóivéadach?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Géarchéim Bheirlín, 1948-1949.
2. Cúnamh Marshall.
3. Margaret Thatcher.
4. Dul chun cinn i gcumhacht núicléach agus/nó sa ríomhaire.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar tharla Éirí Amach na hUngáire, 1956, agus cén fáth ar theip air?
2. Conas a chuaigh géarchéim na hola i 1973 i bhfeidhm ar dhálaí sóisialta agus eacnamaíochta san Eoraip?
3. Cén tionchar a bhí ag an Dara Comhairle Vatacánach ar an Eaglais Chaitliceach?
4. Cén cheannasaíocht a chuir Mikhail Gorbachev ar fáil i ngatóthaí intíre agus/nó i ngatóthaí eachtracha?

An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 6
Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht leasaithe seo, tráchtann an staráí Meiriceánach, Samuel Eliot Morison, ar ghníomhaíochtaí an tSeanadóra Joe McCarthy. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ní chreidfi chomh forleathan sin an teoiric go raibh comhcheilg chumannach ar siúl murach gliceas an tSeanadóra Joseph R. McCarthy.

Tá malairt tuairimí ag daoine faoi, go raibh sé chomh dubh le pic nó chomh geal le sneachta. Is dócha nach raibh ann ach rógaire a bhí ag iarraidh go mbeadh sé de chumhacht aige uachtaráin, agus oifigigh a chur ag léimneach agus é féin ina mháistir orthu.

Bhí go leor daoine den tuairim go raibh sé mar aidhm aige a bheith ina uachtaráin é féin. Fear cruálaich santach a bhí ann agus ní dhearna sé dada ar son na ndaoine ina stát féin. Bhí sé ar dhuine de na bréagadóirí ba mhó riamh inár stair.

Foinse: S.E.Morison, *The Oxford History of the American People*, Oxford: Oxford University Press, 1965.

1. Dar leis an údar, cén fáth ar creideadh go forleathan go raibh comhcheilg chumannach i gcoinne na Stát Aontaithe?
2. Cé chomh héagsúil agus a bhí tuairimí faoi McCarthy?
3. Cén tuairim atá ag an údar faoi McCarthy?
4. Dar le mórán daoine, cén aidhm a bhí ag McCarthy?
5. Conas a chuidigh an caidreamh idir an tAontas Sóivéadach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá tar éis 1945 le McCarthy “scanradh roimh an dearg” a chruthú?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An chorparáid ilnáisiúnta, 1945 – 1968.
2. Bochtaineacht uirbeach, drugáí agus foréigeann.
3. Marilyn Monroe.
4. Mohammad Ali.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a sheol an tUachtaráin Harry Truman gnóthaí eachtracha idir 1945 agus 1953?
2. Cad iad na fadhbanna a tháinig roimh an Uachtaráin Johnson agus é ag plé le Vítneam?
3. Cén cineál duine a bhí i “bhFear an Eagrúcháin”, agus conas a léirigh sé luachanna Mheiriceá?
4. Cad iad na slite inar léirigh Billy Graham reiligiún i gcultúr nua-aoiseach Mheiriceá?

Leathanach Bán

Leathanach Bán